Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Iúil 2020
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0048(COD)**

**9425/20**
**ADD 1**

**CODEC 600**
**ECOFIN 569**
**EF 135**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnólachtaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráiteas |

## Ráiteas ón Ostair

Is ábhar mór imní don Ostair go gcuirfidh an creat dlíthiúil comhchuibhithe atá beartaithe le haghaidh soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin, go háirithe i gcás go leor de na soláthraithe beaga náisiúnta, ualach díréireach orthu agus go gcuirfidh sé a láithreacht leanúnach i mbaol mór. Ar an gcúis sin, d’iarr an Ostair díolúine arís agus arís eile le haghaidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin nach ndéanann gníomhaíochtaí trasteorann chun ligean do sholáthraithe den sórt sin leanúint dá ngníomhaíochtaí faoina gcórais dlí náisiúnta reatha agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a urramú. Ós rud é nár cuireadh díolúine den sórt sin san áireamh sna téacsanna comhréitigh atá ann faoi láthair, ní mór diúltú dóibh.